

Fadhbanna an Duine Óig in Éirinn.

Caithfidh mé a rá gur chuir teideal na haiste seo ag smaoineamh mé. Is iomaí gearán a dhéantar faoi dhéagóirí na tíre seo, ach níl aon amhras go mbíonn brú uafásach ar dhaoine óga na hÉireann. Is fadhb chasta í a bhíonn á phlé ag polaiteoirí, ag iriseoirí, ag tuismitheoirí, agus ag an phobal i gcoitinne. Cinnte, bíonn fadhbanna móra ag an aos óg ach cad é réiteach na faidhbe? Déanfaidh mé iarracht an cheist seo a phlé san aiste seo.

Níl aon amhras go bhfuil saol níos compordaí ag daoine óga an lae inniu ná mar a bhí ag a dtuismitheoirí nuair a bhí siadsan óg. Ach, ag an am céanna, cuireann siad suas le cuid mhór deacrachtaí agus fadhbanna chomh maith. Ar an chéad dul síos, bíonn daoine óga i gcónaí faoi bhrú ag an chóras oideachais. Ní bhíonn siad ábalta post maith a fháil gan Arteist mhaith agus pointí arda, go háirithe nuair atá cúrsaí eacnamaíochta mar atá siad faoi láthair.

Caithfidh siad dul i ngleic le fadhbanna nach raibh ag a dtuismitheoirí riamh. Tá sciúirse na ndrugaí i bhfad níos forleithne ná riamh. Bíonn brú ar dhaoine óga drugaí agus alcól a thógáil gach deireadh seachtaine. Tá údar imní ann. Níl a lán déagóirí ann nach bhfuil taithí acu ar dhruagaí. Agus is iad daoine fásta a dhíolann na drugaí seo! Cuireann sé alltacht orm.

Is léir go bhfuil an saol ina chíor thuathail, agus go bhfuil cuid mhór fadhbanna ag crá agus ag creimeadh na tíre. Ach cad é réiteach na faidhbe? Bhuel, is féidir leis an chóras oideachais cuidiú le déagóirí na hÉireann. Cén fáth nach n-úsáideann siad measúnú leanúnach don Arteist? Ar ndóigh, is féidir le tuismitheoirí agus múinteoirí cuidiú freisin. Ó mo thaithí féin, cuireann siad barraíocht brú ar dhaoine óga. Mar fhocal scoir, is mithid don rialtas rud éigin a dhéanamh. Tá níos mó tacaíochta de dhíth ag muintir óg na tíre seo. Idir an dá linn, caithfidh déagóirí bheith láidir agus dícheallach. Ach is fíor an seanfhocail - "Mol an óige agus tiocfaidh sí"!